Abhainn thruaillithe

Meánleibhéal 1 (B1)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi abhainn thruaillithe (*a polluted river*) i gContae an Chláir. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
abhainn thruaillithe iasc / éisc dúlra / nádúr	*waterway* *salmon* *habitat*

1. An bhfuil abhainn i do cheantar? Cad is ainm di?
2. An bhfuil aon abhainn sa tír a bhfuil tábhacht faoi leith ag baint léi i do shaol? Cén fáth?
3. An gceapann tú go bhfuil a lán aibhneacha truaillithe in Éirinn?
4. An féidir le habhainn atá truaillithe a bheith glanta, dar leat?
5. Cad atá á léiriú san íomhá thíos?

6. Cad a dhéanann Iascach Intíre Éireann, dar leat? Féach anseo mura bhfuil tú cinnte.

B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

1. iasclann	*a. comeback*
2. sceite	*b. electronic equipment*
3. an t-uiscebhealach	*c. nursery (for fish)*
4. an ghnáthóg	*d. crossbreeding*
5. measúnú (a dhéanamh)	*e. danger*
6. trealamh leictreonach	*f. discharged*
7. a aithint agus a chlárú	*g. to identify and to register*
8. scaoiltear saor	*h. the waterway*
9. teacht aniar	*i. (to do) an evaluation*
10. a athshlánú	*j. (is) set free*
11. baol	*k. the habitat*
12. tras-síolrú	*l. to replenish, recover*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

2. Seo cuid de na héisc dhúchasacha atá in aibhneacha na hÉireann. Meaitseáil na hainmneacha Gaeilge leis na hainmneacha Béarla.

1. **breac***	*a. pike*
2. **bradán**	*b. eel*
3. **liús**	*c. salmon*
4. **péirse**	*d. perch*
5. **eascann**	*e. trout*

1	2	3	4	5

3. An féidir leat ainmneacha na n-iasc a mheaitseáil leis na pictiúir chuí? Scríobh an uimhir cheart in aice le gach iasc.




*Tabhair faoi deara gur focail eile iad ‘breac’ agus ‘bric’ ar ‘iasc’ agus ‘éisc’.

C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Tá ábhar tar éis a bheith _____ ó ionad Uisce Éireann.
- Tá an _____ ann go bhfuil _____ ar siúl idir bradáin fhiáine agus bradáin feirme.
- Baintear úsáid as _____ chun na héisc _____, agus _____ ansin iad.
- Rinne Iascach Intíre Éireann _____ ar an abhainn agus deir siad go bhfuil _____ iontach déanta ag an abhainn anois.
- Tá sé tábhachtach an abhainn _____ mar is _____ í d'éisc óga.
- Ba mhaith leis an bpobal áitiúil _____ agus _____ a fheabhsú.

2. Féach ar an mír den dara huair. An bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach?

Na ráitis	Fíor	Bréagach
a) Tá Abhainn Bhaile Mhic Cráibhín in oirthear Chontae an Chláir.		
b) Truaillíodh an abhainn in 2023 tar éis d'ábhar a bheith sceite ó ionad Uisce Éireann.		
c) Maraíodh breis agus dhá mhíle iasc, bradáin fhiáine agus eascanna ina measc.		
d) Is é an sprioc atá ag Uisce Éireann ná an t-uiscebhealach agus an ghnáthóg a fheabhsú arís.		
e) Rinne Iascach Intíre Éireann measúnú ar an abhainn agus deir siad go bhfuil teacht aniar iontach déanta ag an stoc éisc.		
f) Baintear úsáid as trealamh leictreonach chun na héisc a mharú.		
g) Deir Jane Gilleran gur dea-chomhartha é líon na n-iasc atá tagtha ar ais don mhéid atá i ndán don abhainn.		
h) Dea-scéala é freisin do na bradáin fhiáine gur féidir abhainn a athshlánú tar éis truailliú mar sin.		
i) Tá Iascach Intíre Éireann an-sásta go bhfuil na bradáin fhiáine ag tras-síolrú leis na bradáin feirme.		

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an saorbhriathar san aimsir chaite vs an aimsir chaite)

Féach ar an habairtí thíos ón mír agus líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart den bhriathar. Éist leis an mír ansin le do chuid freagraí a sheiceáil.

a) (Mharaigh / Maraíodh) _____ os cionn dhá mhíle breac.
b) (Chuir / Cuireadh) _____ an pobal rompu mar sprioc an abhainn a ghlanadh.
c) (Rinne / Rinneadh) _____ Iascach Intíre Éireann measúnú ar an abhainn.
d) (Déanann / Déantar) _____ é seo le trealamh leictreonach a chur isteach san uisce.
e) (Tugann / Tugtar) _____ an turraing leictreach deis don fhoireann an speiceas a chlárú.
f) Nuair a bhíonn an anailís déanta (scaoileann / scaoiltear) _____ saor an t-iasc.
g) (Léirigh / Léiríodh) _____ na torthaí go bhfuil an-teacht aniar déanta ag na héisc.
h) (Léiríonn / Léirítear) _____ an méid a (bhain / baineadh) _____ amach gur féidir abhainn a athshlánú.
i) (Tá / Táthar) _____ baol eile aitheanta.

2: Cruinneas gramadaí (ainmfhocail mhírialta)

Tá roinnt ainmfhocail mhírialta i nGaeilge. Ciallaíonn sé sin go bhfuil iolra nó/agus tuiseal ginideach faoi leith acu. Féach ar na cinn thíos agus líon na bearnaí sa tábla leis an leagan ceart de gach ainmfhocal. Tá an chéad cheann déanta duit. Téigh go dtí www.teanglann.ie mura bhfuil tú cinnte.

an tuiseal ainmneach uatha	an tuiseal ainmneach iolra	an tuiseal ginideach uatha	an tuiseal ginideach iolra
an abhainn	na haibhneacha	fad na habhann	líon na n-aibhneacha
an bhliain			ar feadh na mblianta
		ainm na deirféar	málaí na ndeirfiúracha
	na tithe	doras an tí	
an mhí		le linn na míosa	
		i rith an lae	

E: CUMARSÁID

1: Caint – Ag tarraingt pictiúr

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus lean na treoracha seo thíos:

- Déan do mhachnamh ar an áit is ansa leat (*your favourite place*) sa dúlra.
- Caith cúpla nóiméad ag smaoineamh ar na sonraí ar fad – cad go díreach atá ansin?
- Déan cur síos ar an áit don duine in aice leat ansin. Caithfidh an duine sin pictiúr a tharraingt den áit ón gcur síos a dhéanann tú féin.
- Éist go cúramach ansin leis an gcur síos a dhéanann an duine in aice leat ar an áit is ansa leosan sa dúlra.
- Tarraing pictiúr bunaithe ar an méid a chloiseann tú.

Mar shampla:

Tá abhainn bheag i lár an ghleanna. Is féidir dul trasna na habhann ar chlocha. Is gleann an-ghlas é. Tá cúpla crann darach sa ghleann agus cúpla crann péine ar chlé. Tá teach beag ar bhruach deas na habhann, agus tá bóthar beag ar an mbruach clé. Bíonn caoirigh sa ghleann go minic. Le dul faoi na gréine, bíonn dath dearg ar an ngleann agus bíonn sé go haoibhinn ansin.

b) Pléigí na ceisteanna seo le chéile anois:

- Cad iad na rudaí is féidir leat a dhéanamh san áit sin?
- An mbíonn a lán turasóirí ann? Cén fáth?
- An bhfuil an áit glan?
- Samhlaigh go bhfuil an áit sin truaillithe go dona. Conas a mhothaíonn tú?

2: Scríobh

Samhlaigh gur thug tú cuairt ar an áit is ansa leat ag an deireadh seachtaine. Scríobh ríomhphost chuig cara leat ag déanamh cur síos ar an áit agus ar an méid a rinne tú ansin.

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:

AN SCRIPT

Tomás Ó Mainnín
Is í seo Abhainn Bhaile Mhic Cráibhín, in iarthar Chontae an Chláir, agus abhainn atá ana-thábhachtach[1] mar iasclann do bhric óga. Ach in 2023, tar éis suas le 2.5 ciliméadar den abhainn a bheith truaillithe, tar éis ábhar a bheith sceite ó ionad de chuid Uisce Éireann go háitiúil, maraíodh os cionn dhá mhíle breac anseo – ina measc, bradáin fhiáine agus eascanna[2].

Chuir an pobal anseo – faoi stiúir chlár uiscí na n-údarás áitiúil – rompu mar sprioc, an t-uiscebhealach agus an ghnáthóg anseo a fheabhsú tar éis na tubaiste.

Bliain go leith ar aghaidh ó thosaigh an obair sin, do dhein[3] foireann de chuid Iascach Intíre Éireann measúnú ar an abhainn, féachaint an raibh aon chuid den stoc éisc tagtha thar n-ais[4]. Déantar é seo le trealamh leictreonach a chur tríd an uisce. Nuair a thagann sé gar d'aon iasc, cuireann sé stad leo ar feadh cúpla soicind. Tugann sé sin deis don bhfoireann[5] an speiceas a aithint agus a chlárú.

Nuair a bhíonn an anailís sin déanta, scaoiltear saor an breac arís, thar n-ais san abhainn. Léirigh na torthaí anseo go raibh ana-theacht[6] aniar déanta maidir leis an abhainn a athshlánú tar éis na heachtra truaillithe.

Jane Gilleran, Oifigeach, Iascach Intíre Éireann
It bodes well for the recovery of the river in the next few years.

Tomás Ó Mainnín
Léiríonn an méid a baineadh amach san abhainn seo gur féidir abhainn a athshlánú tar éis eachtra thromchúiseach thruaillithe. Dea-scéala do na stocanna[7] éisc, go háirithe an bradán fiáin – iasc a bhfuil a n-uimhreacha tite go mór sa tír seo le blianta anuas. Ach anois, tá baol eile aitheanta chomh maith agus sin é an baol ó thras-síolrú ó bhradáin feirme in aibhneacha na tíre seo.

---

[1] 'an-tábhachtach' a scríobhtar saChaighdeán Oifigiúil
[2] eascúin = leagan canúnach de 'eascanna'
[3] do dhein = leagan canúnach de 'rinne'
[4] thar n-ais = leagan canúnach de 'ar ais'
[5] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.
[6] 'an-teacht' a scríobhtar as Chaighdeán Oifigiúil
[7] stocanna = leagan canúnach de 'stoic'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

iasclann	*nursery (for fish)*
sceite	*discharged*
an t-uiscebhealach	*the waterway*
an ghnáthóg	*the habitat*
measúnú (a dhéanamh)	*(to do) an evaluation*
trealamh leictreonach	*electronic equipment*
a aithint agus a chlárú	*to identify and to register*
scaoiltear saor	*(is) set free*
teacht aniar	*comeback*
a athshlánú	*to replenish, recover*
baol	*danger*
tras-síolrú	*crossbreeding*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
c	f	h	k	i	b	g	j	a	l	e	d

2. agus 3. Freagraí:

1	2	3	4	5
E	c	a	d	b
				

C: TUISCINT

1. Freagraí:

- Tá ábhar tar éis a bheith **sceite** ó ionad Uisce Éireann.
- Tá an **baol** ann go bhfuil **tras-síolrú** ar siúl idir bradáin fhiáine agus bradáin feirme.
- Baintear úsáid as **trealamh leictreonach** chun na héisc **a aithint agus a chlárú**, agus **scaoiltear saor** ansin iad.
- Rinne Iascach Intíre Éireann **measúnú** ar an abhainn agus deir siad go bhfuil **teacht aniar** iontach déanta ag an abhainn anois.
- Tá sé tábhachtach an abhainn **a athshlánú** mar is **iasclann** í d'éisc óga.
- Ba mhaith leis an bpobal áitiúil **an t-uiscebhealach** agus **an ghnáthóg** a fheabhsú.

2. Freagraí:
   a) Bréagach. Tá an abhainn sin in iarthar Chontae an Chláir.
   b) Fíor.
   c) Fíor.
   d) Bréagach. Is é sin an sprioc atá ag an bpobal áitiúil.
   e) Fíor.
   f) Bréagach. Baintear úsáid as an trealamh sin chun anailís a dhéanamh orthu.
   g) Fíor.
   h) Fíor.
   i) Bréagach. Is cúis imní é an tras-síolrú.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an saorbhriathar san aimsir chaite vs an aimsir chaite)

Freagraí:

a) **Maraíodh** os cionn dhá mhíle breac.
b) **Chuir** an pobal rompu mar sprioc an abhainn a ghlanadh.
c) **Rinne** Iascach Intíre Éireann measúnú ar an abhainn.
d) **Déantar** é seo le trealamh leictreonach a chur isteach san uisce.
e) **Tugann** an turraing leictreach deis don fhoireann an speiceas a chlárú.
f) Nuair a bhíonn an anailís déanta, **scaoiltear** saor an t-iasc.
g) **Léirigh** na torthaí go bhfuil an-teacht aniar déanta ag na héisc.
h) **Léiríonn** an méid a **baineadh** amach gur féidir abhainn a athshlánú.
i) **Tá** baol eile aitheanta.

2: Cruinneas gramadaí (ainmfhocail mhírialta)

Freagraí:

an tuiseal ainmneach uatha	an tuiseal ainmneach iolra	an tuiseal ginideach uatha	an tuiseal ginideach iolra
an abhainn	na haibhneacha	fad na habhann	líon na n-aibhneacha
an bhliain	na blianta	tús na bliana	ar feadh na mblianta
an deirfiúr	na deirfiúracha	ainm na deirféar	málaí na ndeirfiúracha
an teach	na tithe	doras an tí	doirse na dtithe
an mhí	na míonna	le linn na míosa	le linn na míonna
an lá	na laethanta	i rith an lae	sonas na laethanta

E: CUMARSÁID

1: Caint

Tabhair deis do gach beirt cur síos a dhéanamh dá chéile ar an áit is ansa leo. Ba cheart go dtabharfadh siad go leor sonraí sa dóigh is go mbeadh an duine eile in ann an pictiúr a tharraingt. Mínigh do na foghlaimeoirí gur cleachtadh cumarsáide é seo agus nach cleachtadh ealaíne é! Níor cheart dóibh a bheith buartha mura mbeadh a bpictiúir chomh maith le Monet.

2: Scríobh

Abair leo ríomhphost gearr a scríobh chuig cara dá gcuid, ag déanamh cur síos ar an áit agus ar an am a chaitheann siad ansin.

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.